CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/626 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2021

lena ndéantar Tairseach InvestEU a bhunú agus a shonraíochtaí teicniúla a leagan amach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 ([1]), agus go háirithe Airteagal 26 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart go mbeadh Tairseach InvestEU ina cuidiú chun forbairt agus toradh na dtionscadal infheistíochta san Aontas a chatalú agus a luathú.

(2) De bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2021/523, ní liostófar ar Thairseach InvestEU ach tionscadail atá i gcomhréir le dlí agus beartais an Aontais. Ba cheart critéir iontrála a leagan síos chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas sin.

(3) Chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú trédhearcach ar Thairseach InvestEU, ba cheart sonraíochtaí teicniúla Thairseach InvestEU a leagan amach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear Tairseach InvestEU. Le Tairseach InvestEU, déanfar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn a chomhlíonadh.

Airteagal 2

Le háireamh na dtionscadal i dTairseach InvestEU, déanfar na critéir iontrála seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) beidh méid nach ísle ná EUR 500 000 sa tionscadal (nó sa chlár, más tacar de thionscadail bheaga atá ann), i dtéarmaí na n-infheistíochtaí atá de dhíth;

(b) tiocfaidh an tionscadal faoi na réimsí atá incháilithe le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/523;

(c) ní dhéanfar an tionscnóir a eisiamh ó chonarthaí a mhaoinítear le buiséad an Aontais ná ní ghearrfar smachtbhanna air i ngeall ar mhí-iompar gairmiúil tromchúiseach, ar ghníomhaíochtaí coiriúla, ná ar easnaimh shuntasacha i gcomhlíonadh a oibleagáidí faoi Rialachán 2018/1046 (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(d) ní gníomhaíochtaí eisiata a bheidh sa tionscadal mar a leagtar amach i bpointe B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/523;

(e) beidh an tionscadal lonnaithe san Aontas, nó i dtír nó críoch thar lear atá nasctha le Ballstát mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE;

(f) ní bheidh rioscaí clú i gceist don Choimisiún leis an tionscadal;

(g) beidh cur chun feidhme an tionscadail tosaithe nó measfar go dtosóidh sé laistigh de 3 bliana ón dáta a chuirfear chuig Thairseach InvestEU é;

([1]) IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(h) tabharfar tuairisc shoiléir san iarratas tionscadail gur tionscadal infheistíochta atá ann agus beidh an fhaisnéis a thabharfar ann cruinn agus sonrófar inti an méid maoiniúcháin is gá chun an tionscadal a dhéanamh; agus

(i) beidh an tionscadal ag luí le dlí agus beartais an Aontais.

Airteagal 3

Ní ghearrfar aon táille próiseála iarratais as tionscadal a áireamh i dTairseach InvestEU.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA THAIRSEACH INVESTEU

1. Tuairisc ghinearálta

Is éard a bheidh i dTairseach InvestEU bunachar sonraí tionscadal a mbeidh rochtain éasca air agus a bheidh furasta le húsáid, lena soláthrófar faisnéis ábhartha maidir le gach tionscadal, lena gcuirfear bealach ar fáil do thionscnóirí tionscadal chun tionscadail a bhfuil siad ag iarraidh maoiniú ina leith a chur os comhair infheisteoirí, lena n-áirítear deontóirí agus daonchairde. Cuirfear faisnéis mhionsonraithe ar fáil d'úsáideoirí cláraithe amháin.

Ní hionann tionscadal a fhoilsiú ar Thairseach InvestEU agus a fhormhuiniú ag an gCoimisiún. Ní dochar áireamh tionscadal i dTairseach InvestEU do chinntí maidir leis na tionscadail deiridh a roghnófar chun tacaíocht a fháil faoi Rialachán (AE) 2021/523, faoi aon ionstraim eile de chuid an Aontais, agus beidh sé gan dochar do chinntí maidir le cistiú poiblí.

Is iad seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna a bheidh i dTairseach InvestEU:

(1) tairseach phoiblí: cuid de shuíomh gréasáin an chláir InvestEU ina mbeidh faisnéis atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear:

— léarscáil na dtionscadal (léarscáil a bheidh idirghníomhach le haghaidh úsáideoirí cláraithe); agus

— eolaire na dtionscadal arna ghrúpáil de réir tíortha, earnálacha agus critéir ábhartha eile (taispeánfar mar chártaí é);

(2) ardán ar líne le haghaidh úsáideoirí cláraithe ("oifig thosaigh"): cuid de Chóras Faisnéis Bainistíochta InvestEU lenar féidir úsáideoirí (lena n-áirítear tionscnóirí tionscadail agus infheisteoirí) a chlárú agus lena soláthraítear faisnéis mhionsonraithe, amhail:

— bunachar sonraí ina mbeidh cur i láthair mionsonraithe ar thionscadail (faisnéis achomair struchtúrtha faoi thionscadail aonair) ar fáil d'úsáideoirí cláraithe amháin; agus

— réimsí sonracha le haghaidh tionscnóirí tionscadail agus infheisteoirí chun a chur ar a gcumas tionscadail ar líne a chur isteach lena bhfoilsiú ar Thairseach InvestEU agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail fhoilsithe;

(3) ardán inmheánach ("cúloifig"): cuid de Chóras Faisnéis Bainistíochta InvestEU a bheidh in úsáid ag seirbhísí an Choimisiúin chun críoch scagtha agus bainistithe.

2. Tairseach InvestEU a bhainistiú

Déanfaidh an Coimisiún Tairseach InvestEU a bhainistiú. Is iad na tionscnóirí tionscadail, i.e. eintitis dhlíthiúla phríobháideacha agus phoiblí, a ghinfidh inneachar na Tairsí. Féadfar tacú leis an Tairseach trí imeachtaí spriocdhírithe.

Rannpháirtíocht na dtionscnóirí tionscadail agus na n-úsáideoirí eile arna gclárú ar shuíomh gréasáin Thairseach InvestEU, beidh sí faoi réir ghlacadh na dtionscnóirí agus na n-úsáideoirí leis na Téarmaí agus Coinníollacha a mbeidh sé d'aidhm acu cáilíocht na faisnéise foilsithe a fhaightear ó thionscnóirí tionscadail a áirithiú agus a chur in iúl go soiléir san am céanna nach ráthaíonn an Coimisiún cruinneas na faisnéise foilsithe agus nach féidir dliteanas a chur air i leith aon éilimh bunaithe ar fhoilsiú an tionscadail.

Le séanadh, cuirfear in iúl d'úsáideoirí an tsuímh ghréasáin nach féidir leis an gCoimisiún a ráthú i leith na faisnéise a fhoilsítear go mbeidh sí cruinn agus nach mór d'infheisteoirí ionchasacha a ndícheall cuí féin a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le gnéithe airgeadais agus aon ghné eile atá ábhartha dá gcinneadh i dtaobh infheistíocht a dhéanamh i dtionscadal.

Leagfar amach forléargas ar sheirbhísí comhairleacha poiblí ar an leibhéal náisiúnta. Na tionscadail a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, déanfaidh an Coimisiún iad a tharchur chuig na comhpháirtithe cur chun feidhme ábhartha. I gcás inarb iomchuí agus i gcás inarb ann do thionscnamh comhairleach, déanfaidh an Coimisiún na tionscadail sin a tharchur chuig Mol Comhairleach InvestEU freisin.

3. Scagadh an tionscadail

Is iad seirbhísí an Choimisiúin a thabharfaidh scagadh an tionscadail i gcrích ar bhonn na gcritéar iontrála a leagtar amach in Airteagal 2. Roinnt gnéithe teicniúla den phróiseas bailíochtaithe, amhail fíorú chéannacht na dtionscnóirí tionscadail, féadfar iad a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtithe. Iarrfar ar na Ballstáit pointe teagmhála amháin nó níos mó a cheapadh chun scagadh a dhéanamh ar thionscadail a bhfuil impleachtaí iarbhír agus díreacha slándála ag baint leo, go háirithe in earnálacha an spáis, na cosanta agus na cibearshlándála. Rachfar i gcomhairle leis an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) de réir mar is iomchuí.

Diúltófar faisnéis arna tíolacadh ag tionscnóirí a fhoilsiú más rud é go bhfuil an fhaisnéis míchruinn nó mura gcomhlíontar leis an tionscadal na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2.

Bainfear an fhaisnéis maidir le tionscadal de Thairseach InvestEU más rud é nach ndearna an tionscnóir tionscadail í a nuashonrú le 3 bliana.